

**CEILIÚRADH NA
COMAOINEACH NAOFA
AR A dTUGTAR FOSTA SUIPÉAR AN TIARNA,
NÓ AN EOCAIRIST**

Cruinniú Pobal Dé

AN BEANNÚ

Beannaíonn an t-easpag, nó an sagart ceannais, don phobal leis na focail seo a leanas:

Go raibh an Tiarna libh
agus leat féin.

nó

Grásta agus trócaire agus síocháin
ó Dhia ár nAthair
agus ó Íosa Críost ár dTiarna,
go raibh libh go léir
agus leat féin.

nó, ó Dhomhnach Cásca go dtí an Chincís:

Tá Críost i ndiaidh éirí!

Tá an Tiarna i ndiaidh éirí dáiríre. Alleluia!

Is féidir abairt as an Scrioptúr a léamh (féach Igh 53-57), agus féadann an ministir ceannais liotúirge an lae a chur i láthair.

ORTHA NA GLAINE

**A Dhia uilechumhachtaigh,
a bhfuil gach croí ar oscailt romhat,
a bhfuil eolas agat ar gach mian,
agus nach bhfuil aon rún i bhfolach ort;
Glan smaointe ár gcroí
le hanáil do Naomhspioraid,
ionas go mbeidh grá iomlán gan easpa againn ort,
agus go dtabharfaimid a dhíol onóra do d'ainm naofa;
trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.**

nó paidir eile a bheadh fóirsteanach ag tús seirbhíse.

AN tAITHREACHAS

Is féidir paidreacha an aithreachais a rá ag an phointe seo, nó roimh Ghuí an Phobail, nó ina dhiaidh.

Is féidir na hAitheanta a léamh (agus ba chóir iad a léamh le linn na hAidbhinte agus le linn an Charghais), nó na Beannaitheachtaí (fch. Igh 203-205), nó Achoimre an Dlí:

Éist leis na briathra seo,
a dúirt ár Slánaitheoir Íosa Críost linn lena bhéal féin:
Gráfaidh tú do Thiarna Dia le do chroí uile,
agus le d'anam uile, agus le d'inchinn uile.
Sin í an chéad mhóraithe,
agus tá an dara móraithe ag cur léi,
gráfaidh tú do chomharsa mar thú féin.
Tá a bhfuil sa dlí agus sna fáithe uile
ag brath ar an dá aithne seo.

Matha 22:37-39

**A Thiarna, déan trócaire orainn,
agus scríobh na dlíthe seo agat ar chlár ár gcroí.**

Cuirtear an Fhaoistin i láthair le focail chuí, mar shampla:

Bhí grá Dé don domhan chomh mór sin gur thug sé uaidh a Aonmhac Íosa Críost lenár sábháil ónár bpeacaí, le bheith ag idirghuí ar ár son ar neamh, agus lenár dtabhairt chun na beatha síoraí.

Déanaimis mar sin faoistin bheatha le Dia, go haithríoch creidmheach agus rún daingean inár gcroí aitheanta Dé a chur i ngníomh, agus grá agus síocháin a chleachtadh le gach uile dhuine.

Tost

**A Dhia uilechumhachtaigh, a Athair na bhflaitheas,
admhaímid go bhfuil peaca déanta againn
le smaoinemh agus le briathar, le gníomh agus le faillí.
Tá fíorbhrón orainn agus aithreachas umhal croí.
As ucht do Mhic Íosa Críost,
déan trócaire orainn agus tabhair maithiúnas dúinn,
agus athnuachan anama lenár mbeatha a leasú
chun go méadaítear glóir d'ainm. Áiméan.**

Deir an ministir ceannais an aspalóid:

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire oraibh,
ós é a thugann maithiúnas do lucht an fhíoraithreachais,
go dtuga sé maithiúnas daoibhse,
agus go saora sé sibh ó bhur bpeacaí,
go ndaingní sé agus go ndearbhaí sé gach dea-shuáilce ionaibh
agus go mbuanaí sé an bheatha shíoraí ionaibh,
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**

Is féidir abairtí aithreachais fhóirsteanacha a úsáid in áit na faoistine agus na haspalóide (fch. Igh. 205-218) in éineacht leis na freagraí seo a leanas:

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

GLORIA IN EXCELSIS

Is féidir an chaintic seo a fhágáil ar lár le linn na hAidbhinte agus le linn an Charghais, nó ar laethanta na seachtaine nach féilte iad. Is ceadmhach leaganacha eile den chaintic seo a úsáid, nó iomann molta fóirsteanach eile nuair is cúí.

**Glóir do Dhia sna harda,
agus síocháin do phobal Dé ar chlár an talaimh.
A Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas,
a Dhia uilechumhachtaigh agus a Athair,
tugaimid adhradh agus altú duit,
agus molaimid thú as ucht do mhórghlóire.
A Thiarna Íosa Críost, a Aonmhic an Athar,
A Thiarna Dia, a Uain Dé,
tusa a thógann peacaí an domhain:
déan trócaire orainn;
tá tú i do shuí ar dheis an Athar;
glac lenár nguí.
Óir is tusa amháin an Duine Naofa,
is tusa amháin an Tiarna,
is tusa amháin an tArd-Dia,
a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh,
i nglóir Dé an tAthair. Áiméan.**

Cuireann an ministir ceannais an Ortha i láthair. Fágtar spás gairid le haghaidh tosta. Freagraíonn an pobal lena nÁiméan.

Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar

AN CHÉAD LÉACHT

as an Sean-Tiomna, go hiondúil.

Ag deireadh na léachta is féidir leis an léitheoir a rá:

Sin é Briathar Dé.
Buíochas le Dia.

AN SALM

Is féidir ‘Glóir don Athair...’ a fhágáil ar lár.

AN DARA LÉACHT

ón Tiomna Nua.

Ag deireadh na léachta is féidir leis an léitheoir a rá:

Sin é Briathar Dé.
Buíochas le Dia.

AN GRADUAL

Is féidir caintic, salm, aintiún, nó comhghair a cheol.

Seasann cách

LÉACHT ÓN SOISCÉAL

Cuirtear an léacht i láthair leis na focail seo a leanas:

Éistigí le Soiscéal ár Slánaitheoir Críost,
de réir ..., i gcaibidil ..., ag tosú ag véarsa ...
Glóir duit, a Thiarna Íosa Críost.

agus críochnaítear le:

Seo é Soiscéal an Tiarna.
Moladh duit, a Thiarna Íosa Críost.

AN tSEANMÓIR

anseo nó i ndiaidh na Cré.

CRÉ NÍS

Deirtear an Chré ar an Domhnach agus ar na príomhfhéilte. Is féidir an Chré a fhágáil ar lár ar ghnáthlaethanta na seachtaine, nó ar fhéilte nach príomhfhéilte iad.

**Creidimid in aon Dia,
an tAthair, an tUilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus gach ní,
sofheicthe agus dofheicthe.**

**Creidimid in aon Tiarna, Íosa Críost,
Aonmhac Dé,
atá á ghiniúint sa tsíoraíocht ag an Athair,
Dia ó Dhia, Solas ó Sholas,
Fíordhia ó Fhíordhia,
a gineadh agus nach ndearnadh,**

d'aon Substaint leis an Athair.
Is trídsean a rinneadh gach uile ní.
Ba leis an chine daonna, ar de sinn, a shlánú
a tháinig sé anuas ó neamh.
Is tríd an Spiorad Naomh a ioncollaíodh é,
i mbroinn na Maighdine Muire,
agus a rugadh ina dhuine é.

Céasadh ar ár son faoi Phontius Píoláit é;
d'fhulaing sé bás, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh sé an tríú lá
ag comhlíonadh na Scriptorúir;
chuaigh suas ar neamh
agus tá sé ina shuí ar dheasláimh an Athar.
Tiocfaidh sé athuair ina glóir
le bheith ina bhreitheamh ar bheo agus ar mhairbh,
agus deireadh ní bheidh lena ríocht.

Creidimid sa Spiorad Naomh,
an Tiarna, bronntóir na beatha,
a thagann chugainn ón Athair agus ón Mhac.
Tugtar adhradh agus glóir dó
ar aon nós leis an Athair agus leis an Mhac.
Is é a labhair as béal na bhFáithe.
Creidimid in aon Naomheaglais chaitliceach aspalda.
Admhaímid aon bhaiste chun maithiúnas na bpeacaí.
Táimid ag súil le haiséiri na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Áiméan

Guí an Phobail

De ghnách, cuimseoidh guí an phobail na hábhair seo a leanas:

*Eaglais Uilíoch Dé
naisiúin an domhain an pobal áitiúil
iad siúd atá i ndúth
cuimhne ar na daoine a fuair bás san fhíorchreideamh, agus buíochas ar a son.*

Nuair is cuí, is féidir na paidreacha a dhíriú ar théama nó dhó.

*Is féidir le deagánach nó tuatach na paidreacha a léamh. Féadann na paidreacha a bheith i bhfoirm achainíoch
agus tost i ndiaidh gach ceann; is féidir chomh maith iad a bheith i bhfoirm paidre oscailte, agus an pobal ag
iarraidh achainíoch a dá gcuid féin.*

Má bhíonn freagra de dhúth tar éis gach achainí, is féidir ceann acu seo a rá nó a cheol:

De do thrócaire, a Thiarna:
éist lenár nguí.

nó

A Thiarna, éist linn:
A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

nó

Kyrie eleison.

Ag deireadh Ghuí an Phobail, nuair is cuí sin, is féidir na focail seo a leanas a úsáid:

**A Athair na trócaire,
glac leis na hachainíoch seo uainn
as ucht do Mhic
ár Slánaitheoir Íosa Críost. Áiméan.**

nó focail fhóirsteanacha eile

nó

Glac lenár bpaidreacha trí Íosa Críost ár dTiarna a mhúin na briathra seo dúinn:

Ár nAthair...

Má deirtear an Phaidir ag an phointe seo, ní deirtear i ndiaidh an Altaithe

Mhóir í.

Má bhíonn an tAithreachas ag an phointe seo sa tseirbhís, is féidir an phaidir thíos a rá ina dhiaidh:

AN PHAIDIR CHUN TEACHT I LÁTHAIR DÉ GO hUMHAL

Níl sé de dhánacht ionainn, anseo,
dlúthú le do bhord, a Thiarna na trócaire,
ón mhúinín atá againn as ár bhfíréantacht féin,
ach ónár ndóchas as méid agus as liacht do thrócairí.
Ní fiú sinne
fiú na grabhróga aráin a bhailiú as istigh faoi do bhord.
Ach is tusa i gcónaí an Tiarna céanna
ar dual duit an trócaire de shíor.
Deonaigh mar sin dúinn, a Thiarna na ngrást,
feoil do Mhic Íosa Críost a ithe, agus a fhuilsean a ól
ar chuma go nglantar ár gcolainneacha peacúla lena cholainn-sean
agus go nitear ár n-anamnacha trína fhuil mhórluachmhar
ar nós go mbeimid de shíor inár gcónaí in Íosa,
agus Íosa ionainn. Áiméan.

AN tSÍOCHÁIN

Féadann an ministir ceannais an tSíocháin a chur i láthair leis na focail seo nó focail fhóirsteanacha eile:

Is é Críost ár síocháin.
D'athaontaigh sé sinn le Dia in aon chorp amháin tríd an chros.
Cruinnímid le chéile ina ainm
agus táimid rannpháirteach le chéile ina shíocháin.

nó

Is é a dúirt Íosa, Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh,
go dtabharfadh sibh grá dá chéile;
faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. *Eoin 13.34*

nó

Má mhaitheann sibh a gcionta do chách,
maithfidh bhur nAthair neamhaí daoibhse freisin.
Ach mura maitheann sibhse do chách,

ní mó a mhaithfidh bhur nAthair bhur gcionta daoibhse. *Matha 6:14-15*

Ansín:

Go raibh síocháin an Tiarna libh i gcónaí:
agus leat féin.

Is cúí go dtabharfadh an pobal comhartha na síochána dá chéile. Is féidir seo a chur i láthair leis na focail;

Tugaimis comhartha na síochána dá chéile.

Ceiliúradh ag Tábla an Tiarna

Is féidir le deagánach nó le tuataí an tábla a ullmhú. Féadtar bailiúchán na mbronntanas airgid a thabhairt chun tosaigh, agus a bhronnadh.

Cuirtear an t-arán agus an fíon le haghaidh na comaoineach ar an tábla mura bhfuil sin déanta cheana. Féadtar paidir acu seo a leanas a rá.

Bí i láthair, bí i láthair anseo,
Thiarna Íosa Críost,
ár nArdsagart aiséirithe;
taispeáin thú féin i mbriseadh an aráin. **Áiméan**

A Dhia thrócairigh, eagnaí,
feistíonn tú tábla dúinn;
cothaigh do phobal le briathar na beatha,
agus arán na bhflaitheas. **Áiméan**

Cén cúiteamh a dhéanfaidh mé leis an Tiarna
ina ndearna sé dom?
Glacfaidh mé cupán an tslánaithe,
gairfidh mé ainm an Tiarna.
Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna
i bhfianaise a phobail.

Ps 116.12-14

Is leatsa, a Thiarna,
an méid, an chumhacht,
an ghlóir, an bua, agus an mhórgacht;
óir is uaitse gach ní
agus is ó do chuid féin a bhronnaimid ort.

1 Croin 29.11,14

GLACADH AN ARÁIN AGUS AN FHÍONA

Seasann cách

Glacann an t-espag nó an sagart ceannais an t-arán agus an fíon ina lámh agus deir

Tá íobairt déanta de Chríost, ár n-uan Cásca, ar ár son
bímis mar sin ag comóradh na féile.

AN tALTÚ MÓR

Deir an ministir ceannais paidir de na Paidreacha Eocairisteacha seo a leanas:

Paidir 1

Tá an Tiarna anseo.
Tá a Spiorad linn.

nó

Go raibh an Tiarna libh
agus leat féin.

Tógaigí bhur gcroí.
Tógaimid chuig an Tiarna iad.

Tugaimis buíochas dár dTiarna Dia.
Is ceart moladh agus buíochas a thabhairt dó.

A Athair shíorbheo na gcumhachtaí
i ngach am agus i ngach áit
is ceart agus is cóir moladh agus buíochas a thabhairt duit.

Nuair a bhíonn Preafáid faoi leith ann deirtear anseo í (lgh 205-218)

Agus mar sin, le pobal Dé uile,
agus mar aon le haingil agus le hardaingil,
agus le muintir neimhe uile,
fógraímid d'ainm mór-ghlórmar, do do shíormholadh, agus a rá:

**Is naofa, naofa, naofa thú, a Thiarna,
A Dhia na gcumhachtaí,
líontar neamh agus talamh de do ghlóir,
Hósanna sna harda!**

**Is beannaithe an té a thagann in ainm an Tiarna
Hósanna sna harda!**

Is beannaithe thú, a Athair,
a chruthaitheoir agus a chothaitheoir na cruinne;
rinne tú an duine i d'íomhá féin,
mar fhear agus mar bhean a chruthaigh tú sinn;
fiú nuair a thiontaigh muid uait,
thug tú aire dúinn i gcónaí,
agus de do ghrá agus de do thrócaire,
d'fhuascail tú sinn ó dhaoirse an pheaca,
ag tabhairt uait d'aon Mhac Íosa Críost
le nádúr daonna a ghlacadh
agus le bás a fhulaingt ar an chros dár gceannach;
ba ansin a rinne sé an t-aon íobairt iomlán gan easpa
ar son pheacaí an domhain uile;
Agus ordaíonn sé dúinn ina Shoiscéal naofa
leanúint den ní a chuir sé ar bun,
mar atá, buanchuimhne a bháis róluachmhair,
nó go dtaga sé chugainn arís.

Oíche a bhraite ghlac sé arán;

agus nuair a thug sé buíochas duit, bhris sé an t-arán,
agus thug dá dheisceabail é á rá, Glacaigí, ithigí,
Is é seo mo chorp atá á thabhairt ar bhur son;
Déanaigí é seo mar chuimhne ormsa.

Mar an gcéanna i ndiaidh an tsuipéir ghlac sé an chailís;
agus nuair a thug sé buíochas duit
thug sé dóibh í, á rá, Ólaigí uile é seo,
Óir is í seo m'fhuil, fuil an chonartha nua,
atá á doirteadh ar bhur son agus ar son na sluaite
chun maithiúnas na bpeacaí.
Déanaigí é seo, dá mhinice a ólann sibh í,
mar chuimhne ormsa.

Dá bhrí sin, a Athair, leis an arán agus leis an chailís seo
déanaimid mar a d'ordaigh do Mhac Íosa Críost dúinn;

**Tugaimid a pháis agus a bhás chun cuimhne,
ceiliúraimid a aiséirí agus a dheascabháil,
agus tá súil againn le teacht a ríochta.**

Glac trídsean, ár n-ardsagart mór,
le híobairt seo an mholta agus an bhuíochais uainn;
agus nuair a bhlaisimid na naomh-thíolacthaí seo,
deonaigh, trí chumhachtaí Spiorad na beatha,
ár n-aontú le chéile i do Naomheaglais,
agus ár ndéanamh rannpháirteach
i gcorp agus i bhfuil do Mhic,
ionas go gcónaímid ann agus go gcónaí sé ionainn:

Trídsean Íosa Críost ár dTiarna;
óir is tríd, agus leis, agus ann,
in aontacht an Spioraid Naoimh,

**a thugtar gach ónóir agus glóir duitse,
a Athair Uilechumhachtaigh,
trí shaol na saol. Áiméan.**

Ag leanúint ar aghaidh ar lch 198 ag An Phaidir

Paidir 2

Féadtar na paragraif eangaithe a chur leis an phaidir sa séasúr nó ar an lá cuí.

Tá an Tiarna anseo.

Tá a Spiorad linn.

nó

Go raibh an Tiarna libh
agus leat féin.

Tógaigí bhur gcroí.

Tógaimid chuig an Tiarna iad.

Tugaimis buíochas dár dTiarna Dia.

Is ceart moladh agus buíochas a thabhairt dó.

Gach glóir agus onóir
gach buíochas agus moladh
go dtugtar duit,

A Thiarna, a Athair Naofa, a Fhíor-Dhia bheo,
trí Chríost ár dTiarna.

Óir is é do Bhriathar síoraí é,
trínar chruthaigh tú gach uile ní ó úrthosach na cruinne,
agus trínar mhúnlaigh tú sinn i d'íomhá féin.

Tráth na hAidbhinte

Ann atá lá ár bhfuascailte tar éis gealú.

Tá lúcháir orainn go ndearna tú gach rud nua ann,
agus tá muid ag dúil lena theacht i gcumhacht agus i maorgacht
le breithiúnas a thabhairt ar an domhan.

I do mhórghrá thug tú uait é

go ndéanfaí duine de, a chaitheadh a shaol mar dhuine againn

Ag an Nollaig, ag an Toirbhirt, ar Theachtaireacht an Aingil

Trí chumhacht an Spioraid Naoimh,
Rugadh é ón Mhaighdean Mhuire a mháthair,
agus chonaic muid a ghlóir,
glóir Aonmhic ón Athair.

Ar an Eipeafáine, ar Athrú Cló ár dTiarna

Nochtaigh tú an plean slánaithe síoraí ann,
agus thaispeáin gur solas na náisiún é.
Lonraigh a ghlóir inár measc,
glóir Aonmhic ón Athair.

Tráth an Charghais

Cuireadh cathú air ar an nós céanna linne,
ach níor pheacaigh sé;
agus tugann sé neart dúinn lenár mianta a smachtú,
agus chun siúl i ar bhealach a ghrá.

Is ag umhlú do do thoil

a thoirbhir do Mhac ár Slánaitheoir é féin mar íobairt gan smál,
agus a fuair bás ar an chros dár bhfuascailt.

Is tríd a scaoil tú saor sinn ó dhaoirse an pheaca
agus a rinne ár n-athaontú leat féin,
ár nDia agus ár nAthair.

Tráth agus Seachtain na Páise

Óir is é an Fíor-uan Cásca é
a toirbhríodh ar ár son
agus a thóg peacaí an domhain.

Tráth na Cásca

Óir is é an Fíor-uan Cásca é
a toirbhríodh ar ár son
agus a thóg peacaí an domhain.
Trína bhás féin a scrios sé an bás
agus trína aiséirí
thug sé ar ais chun na beatha síoraí sinn.

Is é ár n-ardsagart mór é
a thóg tú ó mhairbh
is a d'ardaigh tú chun do lámhe deise in airde
mar a maireann go deo le hidirghuí a dhéanamh ar ár son.

Tráth na Deascabhála

D'imigh sé as ár radharc,
ní dár dtréigean ach mar dhóchas againn,
chun go mbímis mar a bhfuil sé féin
le bheith páirteach leis i ríocht na glóire.

Is tríd a bhronn tú do Naomhspiorad orainn,
foinse na beatha;
agus a rinne tú sagartacht ríoga dínn
a fuair gairm chun seirbhís a dhéanamh duit go deo.

Ar an Chincís

Tríd an Spiorad céanna
treoraítear sinn chun iomlán na fírinne
agus tugtar dúinn cumhacht
chun an soiscéal glórmhar a fhógairt go cróga tríd an saol uilig.

Ar Dhomhnach na Tríonóide

Óir tá do ghlóir is do ghrá
nochta i nglóir is i ngrá an Mhic is an Spioraid Naoimh;
trí phearsa, aon Dia,
atá le hadhradh agus le glóiriú go deo.

Ar Fhéilte na Naomh

Rinne tú páirteach sinn i gcuideachta na naomh uile
[mar aon le Naomh ...]
agus chuir tú romhainn dea-shampla a bhfianaise
agus tfolacthaí do Naomhspioraid ina saol.

Agus mar sin,
mar aon le haingil agus le hardaingil,
agus le muintir neimhe uile,
fógraímid d'ainm mórghlórmhar in ard ár nglóir,
do do shíormholadh, agus á rá:

**Is naofa, naofa, naofa thú, a Thiarna,
A Dhia na gcumhachtaí,
líontar neamh agus talamh de do ghlóir,
Hósanna sna harda.**

A Athair thrócairigh, tugamid buíochas duit
ar son na dtíolachtaí seo as do dhúlra,
an t-arán seo agus an fíon seo,
agus guímid thú go mbeimidne
a itheann agus a ólann iad
i gcumann an Spioraid Naoimh
in umhlaíocht d'ordú ár Slánaitheora, Críost,
i gcuimhne a bháis agus a pháise
go mbeimid rannpháirteach ina chorp agus ina fhuil.

Oíche a bhraite ghlac sé arán;
agus nuair a thug sé buíochas duit, bhris sé é,
agus thug dá dheisceabail é á rá,
Glacai, íthigí. Is é seo mo chorp atá á thabhairt ar bhur son;
Déanaigí é seo mar chuimhne ormsa.

Tar éis an tsuipéir ghlac sé an chailís
agus thug sé buíochas duit arís
agus thug dá dheisceabail í á rá,
Ólaigí uile as seo.
Is í seo m'fhuil, fuil an chonartha nua,
atá á doirteadh ar bhur son agus ar son na sluaite
chun maithiúnas na bpeacaí.
Déanaigí mar seo, dá mhinice a ólann sibh í,
mar chuimhne ormsa.

A Athair, leis an arán agus leis an chailís seo,
déanimid mar a d'ordaigh ár Slánaitheoir dúinn;
ceiliúraimid an slánú síoraí atá buaite aige dúinn;
fógraímid an íobairt ghlan gan smál
a rinne sé ar chros a chéasta
an t-aon uair amháin agus an uair dheireanach,
fógraímid a aiséirí cumhachtach agus a dheascabháil ghlórmhar:
agus bíonn súil againn lena theacht
le do thoil a chur i gcrích san uile ní ar fud na cruinne.

**Fuair Críost bás;
D'éirigh Críost ó mhairbh;
Tiocfaidh Críost arís.**

Athnuaigh sinn le do Naomhspiorad,
aontaigh sinn i gcorp do Mhic,
agus treoraigh sinn mar aon le pobal Dé uile chun aoibhneas do ríochta síoraí;
trí Íosa Críost ár dTiarna, ós leis agus ós ann,
trí chumhachtaí an Naomhspioraid,
a dhéanaimid thú a adhradh, a Athair na gcumhachtaí,
ag seinm do mholtaí gan stad:

**Óir is leatsa an bheannaitheacht
agus an onóir agus an ghlóir agus an chumhacht
trí shaol na saol. Áiméan.**

Ag leanúint ar aghaidh ar lch 198 ag An Phaidir

Paidir 3

Tá an Tiarna anseo.

Tá a Spiorad linn.

nó

Go raibh an Tiarna libh
agus leat féin.

Tógaigí bhur gcroí.

Tógaimid chuig an Tiarna iad.

Tugaimis buíochas dár dTiarna Dia.

Is ceart ár moladh agus ár mbuíochas a thabhairt dó.

A Athair, a Thiarna na cruinne,
molamid thú ar son do mhórmhaitheasa agus do ghrá.
Nuair a thiontaigh muid uait níor dhiúltaigh tú dúinn.
Tháinig tú chugainn i do Mhac,
d'fháiltigh tú romhainn mar do chlann féin,
gus d'ullmhaigh tú tábla mar a mbeadh féasta againn leat.

Trí Chríost ghlac tú páirt inár saol
chun go mbeadh muid beo ann agus eisean beo ionainne.

**D'oscail sé a lámha ar an chros,
agus trí ghrá a bhí níos treise ná an bás,
thoirbhir sé an íobairt gan smál ar son an pheaca.**

A Thiarna Íosa Críost, ár Slánaitheoir,
ar an oíche sula bhfuair tú bás,
tháinig tú chun tábla le do chairde.
Ag glacadh an aráin i do láimh,
thug tú buíochas, bhris, agus thug dóibh é á rá,
Glacai, ithigí: is é seo mo chorp a thugtar ar bhur son;
déanaigí é seo mar chuimhne ormsa.

**A Thiarna Íosa, beannaímid thú:
is tú arán na beatha.**

Ag deireadh an tsuipéir,
ghlac tú cailís an fhíona i do láimh,
thug buíochas agus dúirt,
Ólaigí uile í seo; is í seo m'fhuil, fuil an chonartha nua,
atá á doirteadh ar bhur son
agus ar son na sluaite
chun maithiúnas na bpeacáí;
déanaigí é seo mar chuimhne ormsa.

**A Thiarna Íosa, beannaímid thú:
is tú an fhíniúin fhíor.**

Moladh duit, a Thiarna Íosa Críost:

**Trí do bhás, scrios tú ár mbás,
ag aiséirí, thug tú ár mbeatha ar ais;
a Thiarna Íosa, tar le glóir.**

A Naomhspiaraid, bronntóir na beatha,
tuirling anuas orainn anois;
go raibh an t-arán agus an fíon seo
mar chorp is mar fhuil ár Slánaitheora Íosa Críost dúinn.

**Nuair a bhlaisimid na naomh-thíolacthaí seo,
déan sinne, a thuigeann ár ndíth grásta**

mar aon i gCríost ár dTiarna aiséirithe.

A Athair, a Mhic, agus a Spioraid Naoimh, a Thrionóid Bheannaithe;
mar aon le d'Eaglais uile ar fud na cruinne,
toirbhrímid íobairt seo ár molta agus ár mbuíochais duit
agus in éineacht le ceol na bhflaitheas
ardaímid ár nglór do do shíormholadh, agus á rá:

**Is naofa, naofa, naofa tú, a Thiarna,
A Dhia na gcumhachtaí,
Líontar neamh agus talamh de do ghlóir,
Hósanna sna harda.**

Buíochas leat, ár nDia, ar son do mhórhíolactha nach bhfuil inste béil air.

Áiméan. Áiméan. Áiméan.

Ar leanúint ar lch 198 ag An Phaidir

AN PHAIDIR

Deir an ministir ceannais

Mar a theagasc ár Slánaitheoir Críost dúinn, abraimis le chéile:

nó

Mar a mhúin ár Slánaitheoir Críost dúinn, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil,
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht, agus an ghlóir,
trí shaol na saol. Áiméan.**

BRISEADH AN ARÁIN

Briseann an ministir ceannais an t-arán coisricthe mar ullmhúchán don Chomaoineach. (Féadann deagánach cuidiú).

An t-arán seo a bhrisimid
is cuid agus is comhroinn i gcorp Chríost é:
**Dá mhéad sinn, is aon chorp sinn,
atá rannpháirteach san aon arán.**

AN CHOMAOINEACH

Deir an ministir ceannais

Teannaigí isteach go creidmheach.
Glacaigí corp ár dTiarna Íosa Críost
a thoirbhir sé ar bhur son,
agus a fhuil a shil sé ar bhur son.
Cuimhnigí go bhfuair sé bás ar bhur son,
agus bígí do bhur mbeathú féin air,
trí chreideamh croí mar aon le buíochas.

nó

Tíolacthaí Dé do phobal Dé.
**Is é Íosa Críost is naofa,
Is é Íosa Críost is Tiarna,
Chun glóir De, an tAthair.**

nó

Is é Íosa Críost Uan Dé a thóg peacaí an domhain.
Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon,
ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.**

Glacann an ministir ceannais agus an pobal an chomaoineach.

Deir an ministir a thugann an t-arán agus an fíon:

Corp ár dTiarna Íosa Críost a tugadh ar do shon, go gcoinní sé slán thú idir chorp agus anam chun beatha síoraí. Glac agus ith seo i gcumhne go bhfuair Críost bás ar do shon, agus beathaigh thú féin air i do chroí le creideamh agus tú buíoch.

Fuil ár dTiarna Íosa Críost a doirteadh ar do shon, go gcoinní sí slán thú idir chorp agus anam chun beatha síoraí. Ól seo i gcumhne gur doirteadh fuil Chríost ar do shon, agus bí buíoch.

nó

Go mbuanaí corp Chríost an bheatha shíoraí ionat.

Go mbuanaí fuil Chríost an bheatha shíoraí ionat.

nó

Corp Chríost a tugadh ar do shon.

Fuil Chríost a doirteadh ar do shon.

agus freagraíonn an comaoineoir Áiméan.

Is ceadmhach an t-aintiún seo a leanas a cheol i ndiaidh Briseadh an Aráin, nó le linn na Comaoineach

**A Íosa, a Uain Dé, déan trócaire orainn.
A Íosa, a thóg ort ár bpeacaí, déan trócaire orainn.
A Íosa, a Shlánaitheoir an domhain, deonaigh dúinn síocháin.**

nó

**A Uain Dé, is tú a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, is tú a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, is tú a thógann peacaí an domhain, deonaigh dúinn síocháin.**

Is ceadmhach iomann nó aintiúin eile a cheol.

AN TOST MÓR

Nuair atá an chomaoineach glactha ag cách, fanann an ministir ceannais, na ministrí eile agus an pobal ina dtost chun machnamh a dhéanamh.

Ag Imeacht mar Phobal Dé

Is féidir iomann a cheol anseo, nó roimh an Scaipeadh.

URNAÍ I NDIAIDH NA COMAOINEACH

Is féidir an Ortha Iarchomaoineach chuí a rá, (lgh 223-318) nó seo a leanas:

A Athair na n-uile, tugaimid moladh agus buíochas duit
gur tháinig tú chugainn i do Mhac
san am a rabhamar i bhfad i gcéin uait,

agus gur thug tú slán chun an bhaile chugat féin sinn.
Ina bhás agus ina bheatha d'fhoilsigh sé sin a ghrá dúinn,
bhronn sé an grásta orainn agus d'oscail sé geataí na glóire romhainn.
Sinne atá rannpháirteach i gcorp Chríost
go raibh beatha a aiséirí dár mbeochan;
sinne a ólann as a chailís-sean
go n-iompraímid a bheatha chuig daoine eile;
sinne a bhfuil an Spiorad mar sholas againn go dtugaimis solas don domhan.
Daingnigh sinn sa dóchas a chuir tú romhainn,
chun go mbeidh do shaoirse againne agus ag do chlann uile, agus go mairfidh an Ádhamhchlann uile le d'ainm a
mholadh; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Deir cách

**A Dhia uilechumhachtaigh,
gabhaimid buíochas leat as ár mbeathú
le bia spioradálta chorp agus fhuil do Mhic Íosa Críost.
Trídsean toirbhrímid duit sinn féin idir chorp agus anam
mar bheo-íobairt.
Cuir amach anois sinn
agus cumhacht do Spioraid ionainn go mairimid agus go ndéanaimid
ár gcuid oibre
ar mhodh a mhéadóidh do mholadh agus do ghlóirse. **Áiméan.****

AN SCAIPEADH

Is féidir leis an mhinistir ceannais beannacht an tséasúir a rá, nó beannacht chuí eile, nó:

Go raibh síocháin sin Dé nach bhfuil tuiscint uirthi,
ag seasamh garda ar bhur gcroí,
agus ar smaointe bhur n-intinne,
á gcoinneáil daingean in aithne agus i ngrá ar Dhia
agus ar a Mhac Íosa Críost ár dTiarna;

ag críoch:

agus go raibh beannacht Dé uilechumhachtaigh,
an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh
oraibh is in bhur measc i gcónaí. **Áiméan.**

Deir ministir;

Imigí faoi shíocháin chun grá agus seirbhís a thabhairt don Tiarna
in ainm Chríost. **Áiméan**

Ó Dhomhnach Cásca go dtí an Chincís:

Imigí faoi shíocháin an Chríost Aiséirithe. Alleluia! Alleluia!
Buíochas le Dia. Alleluia! Alleluia!

AGUISÍN

A. Na hAitheanta agus na Beannaitheachtaí

1. NA DEICH nAITHNE

Éistigí leis na haitheanta seo a thug Dia dúinn, agus taiscigí in bhur gcroí iad:

IS MÉ DO THIARNA DIA; NÁ BÍODH AON DIA EILE AGAT ACH MÉ FÉIN.

Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aighe go hiomlán agus le do chumhachtaí uile. *Matha 22.37*

NÁ DÉAN AON ÍOL DUIT FÉIN

Spiorad é Dia, agus caithfidh lucht a adhartha adhradh i spiorad agus i bhfírinne. *Eoin 4.24*

NÁ TABHAIR AON EASONÓIR D'AINM DO THIARNA DIA.

Tugaimis do Dhia an t-adhradh is taitneamhach leis go hurramach ómósach. *Eabh 12.28*

CUIMHNIGH AR LÁ AN TIARNA AGUS COINNIGH NAOFA É.

Tá Críost éirithe ó mhairbh: bíodh bhur n-aire ar na nithe atá thuas agus ní ar na nithe atá ar talamh. *Col 3:1-2*

**A Thiarna, déan trócaire orainn,
agus scríobh na dlíthe seo agat ar chlár ár gcroí.**

TABHAIR ONÓIR DO D'ATHAIR AGUS DO DO MHÁTHAIR.

Mairigí mar dhaoráin Dé: tugaigí onóir do chách; bíodh grá agaibh do do shiúreacha agus do do bhráithre i gCríost
. *1 Pead 2.16-17*

NÁ DÉAN DÚNMHARÚ.

Déan síocháin le do bhráthair agus le do shiúr: beir bua ar an olc leis an mhaith. *Matha 5.24, Rómh. 13.21*

NÁ DÉAN ADHALTRANAS.

Bíodh a fhios agat go bhfuil do cholainn ina teampall ag an Spiorad Naomh. *1 Cor. 6.19*

NÁ DÉAN GOID

Saothraigh do bheatha go hionraic, ionas go mb'fhéidir leat déirc a dhéanamh ar bhochta Dé. *Eif. 4.28*

NÁ TABHAIR FIANAISE BHRÉIGE.

Bíodh gach uile dhuine ag déanamh na fírinne. *Eif. 4.25*

NÁ SANTAIGH NÍ NACH LEAT FÉIN.

Cuimhnigh ar bhriathra an Tiarna Íosa: Is mó is méanar rud a thabhairt uait ná rud a fháil. Gráigh an chomharsa mar thú féin, óir is é an grá comhlíonadh an dlí. *Gníomh 20.35; Rómh. 13.9,10*

**A Thiarna, déan trócaire orainn,
agus scríobh na dlíthe seo agat ar chlár ár gcroí.**

2. NA BEANNAITHEACHTAÍ

Cluinimis beannacht ár dTiarna ar na daoine a leanann é:

Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar dóibh seo atá ceansa,
óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar do lucht an dobróin,
óir tabharfar sólas dóibh.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar dóibh seo a bhfuil ocraas agus tart orthu ar son an chirt,
óir sásófar iad.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar do lucht na trócaire,
óir déanfar trócaire orthu.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí,
óir feicfidh siad Dia.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar do lucht déanta na síochána,
óir tabharfar clann Dé orthu.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint ar son an chirt,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.

**A Íosa, cuimhnigh orm
nuair a thiocfaidh tú i réim do ríochta.**

B. Malairt Leagan de réir Séasúir

TRÁTH NA hAIDBHINTE

Tabhair aghaidh orainn arís, a Dhia ár Slánaitheoir,
agus tóg uainn d'fhearg.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Foilsigh do thrócaire, a Thiarna,
agus deonaigh dúinn do shlánú.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

Iad sin a bhfuil eagla orthu romhat, tá do shlánú gar dóibh,
chun go raibh glóir inár dtír.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

KYRIE AN AITHREACHAIS

INTREOIR DON tSÍOCHÁIN

Trí mhíne thrócaire ár nDé, sa lá úd a thioctas solas geal na maidine orainn ó ard na bhflaitheas, ag tabhairt solais don dream atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis, agus ag seoladh ár gcós ar bhealach na síochána. *Lúcás 1.78-79*

PREAFÁID

Is í an tsláinte shíoraí do thabhartas
trí theacht do Mhic ár Slánaitheoir, Íosa Críost,
agus trídsean déanfaidh tú gach aon ní a athnuachan
nuair a thioctfaidh sé ina glóir le breithiúnas a thabhairt ar an domhan:

BEANNACHT

Go lonraí Críost,
grian gheal na fíréantachta oraibh,
ag cur lúcháire ar bhur gcroí,
agus ag díbirt an dorchadais romhaibh:

AN NOLLAIG

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Thiarna Dia, A Dhia na gcumhachtaí,
is tú cruthaitheoir an domhain.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, a Mhic Dé agus a Mhic Mhuire,
is tú Prionsa na Síochána

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh,
trí do chumhacht rinneadh feoil den Bhriathar.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSÍOCHÁIN

Rugadh leanbh dúinn, tugadh mac dúinn,
agus is é an t-ainm atá air ná Prionsa na Síochána.

Íseáia 9.6

PREAFÁID

Thug tú uait d' Aonmhac Íosa Críost
le breith ag an Mhaighdean Mhuire;
agus trídsean chuir tú ar ár gcumas
bheith inár gClann Dé.

BEANNACHT

Go ndéana Críost,
a thug le chéile trína ionchollú
a bhfuil ar neamh agus ar talamh,
go ndéana sé sibh a líonadh lena lúcháir agus lena shíocháin:

TRÁTH NA hEIPÉAFÁINE

KYRIE AN AITHREACHAIS

Go ndéana Dia trócaire orainn, is go mbeannaí sé sinn
is go dtaitní a ghnúis orainn.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Go raibh fios do dhóigheanna ar talamh,
cumhacht do shlánaithe ag na náisiúin uile.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

D'fhoilsigh tú do shlánú, a Thiarna,
agus nocht do cheart i bhfianaise na náisiún.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSÍOCHÁIN

Is é ár Slánaitheoir Críost Prionsa na Síochána
Ní bheidh deireadh le méadú a rialaithe agus a shíochána a choíche.

Íse 9.6-7

PREAFÁID

As ucht Íosa Críost ár dTiarna,
a nocht do ghlóir i geruth daonna,
le sinne a thabhairt amach as an dorchadas
agus isteach i ngile a sholais:

BEANNACHT

Go dtaispeána Críost an Mac é féin daoibh,
chun go mbeidh bhur saol ina sholas don domhan uile:

TRÁTH AN CHARGHAIS

KYRIE AN AITHREACHAIS

Is é san fhásach a fhaighimid do ghrásta:
is é an grá síoraí atá agat dúinn.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Níl ar ár son ach tú;
is mór iad ár gcionta agus is ard scairt ár bpeaca.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

Leigheas sinn, a Thiarna, agus beidh muid slán;
Tabhair íocshláinte dúinn agus beidh fios do lúcháire againn.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSÍOCHÁIN

De bhrí go bhfuil muid fíréanaithe ag an chreideamh,
tá síocháin againn le Dia trínár dTiarna Íosa Críost.

Rómh 5.1,2

PREAFÁID

Trí Íosa Críost ár dTiarna
ar cuireadh cathú air ar aon nós linne, ach nár pheacaigh,
ionas gur féidir linn bua a fháil ar na cathuithe trína ghrásta.

BEANNACHT

Go dtuga Críost grásta daoibh chun go bhfása sibh i naofacht,
go ndiúltaí sibh daoibh féin,
agus go dtóga sibh bhuair gcros agus go leana sibh é:

TRÁTH AGUS SEACHTAIN NA PÁISE

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Thiarna Dia, chuir tú do Mhac chugainn
le athmhuintearas a dhéanamh eadrainn féin,
agus idir muid féin agus an tAthair.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, leigheasann tú créachta an pheaca agus an easaontais.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naomh, tríotsa cuirimid peacaí na colainne chun báis – agus mairimid beo.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSÍOCHÁIN

Anois trí dhoirteadh fhuil Chríost agus in aontacht leis tugadh i gcóngar sibhse a bhí i bhfad i gcéin tráth; óir is é
Críost ár síocháin.

Eif 2.17

PREAFÁID

Trí Íosa Críost ár Slánaitheoir,
a d'uirísligh é féin i mbás na croise leis an domhan a fhuascailt,
agus a ardaíodh aníos ó thalamh ansin
ionas go dtarraingeodh sé an cine daonna chuige;

BEANNACHT

Go dtarraingí Críost chuige féin sibh,
agus go ndeonaí sé go bhfaighe sibh ina chros
bun daingean le bhur gcreideamh,
taca láidir le bhur ndóchas,
agus dearbhú go bhfuil bhur gcuid peacaí maite daoibh;

AN CHÁISC

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Thiarna Dia, thóg tú do Mhac ó na mairbh.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, i ngeall ortsa, is mó ná cloíteoirí sinn.

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh, cuidíonn tú linn inár laigeacht.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Tháinig Íosa aiséirithe, agus sheas i measc na ndeisceabal, agus dúirt leo: “ Síocháin daoibh!” Agus bhí áthas orthu
ansin nuair a chonaic siad an Tiarna .
Eoin 20.19-20

PREAFÁID

Ach molaimid thú thar ní ar bith eile,
ar son aiséirí glórmhar
do Mhic Íosa Críost ár dTiarna,
an Fíor-Uan Cásca a íobraíodh ar ár son.
Chuir a bhás ár mbás ar neamhní
agus rinne a aiséirí ár n-athbheochan;

BEANNACHT

Dia na síochána, a thug ar ais ó na mairbh ár dTiarna Íosa,
tréadaí maith na gcaorach,
trí fhuil an tsíorchúnaint,
go n-iomlánaí sé sibh i ngach dea-obair
chun a thoil a chur i gerích,
agus é a chur ag obair ionaibh, an ní sin a thugann taitneamh mór dó;

nó

Go dtóga Dia an tAthair sibh mar a thóg sé Críost ó na mairbh trína ghlóir,
chun go síúla sibh in éineacht leis in úire a shaoil aiséirithe:

DEASCABHÁIL

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Dhia ár nAthair, d'ardaigh tú do Mhac chun suí ar do lámh dheas,

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, is tú an bealach, an fhírinne agus an bheatha.

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh, Comhairleoir,
cuireadh chugainn thú le bheith linn go deo.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Dúirt Íosa, Fágaim síocháin agaibh;
tugaim mo shíocháin daoibh.

Ní thugaim daoibh í mar a thugann an saol í.

Eoin 14.27-28

PREAFÁID

Trí Íosa Críost ár dTiarna
an té a d'aiséirigh ó na mairbh,
agus a chuaigh suas ar neamh,
mar a bhfuil ina shuí ar do lámh dheas,
chun idirghuí ar ár son,
agus chun áit a ullmhú dúinn i ríocht na glóire;

BEANNACHT

Go ndoirte Críost ár nArdrí
a thíolacthaí fairsinge oraibh,
is go ndeonaí sé daoibh dílseacht agus neart
lena thoil a chur i ngnímh;
ionas go mbeidh sibh páirteach leis i ríocht na glóire;

AN CHINCÍS

KYRIE AN AITHREACHAIS

Is iontach agus is rómhór d'éachtaí,
a Thiarna Dia, an tUilechumhachtach.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

Is tú Rí na glóire, a Chríost.

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

Tar a Spioraid Naoimh, adhain ár n-anamacha.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Is é an toradh a thugann an Spiorad ná, grá, lúcháir agus síocháin.
Más ón Spiorad a fhaighimid ár mbeatha,
go mba é an Spiorad ár réalt eolais inár siúlta.

Gal 5.22

PREAFÁID

Trí Íosa Críost ár dTiarna,
ar comhlíonadh a ghealltanais
nuair a tháinig an Spiorad Naomh a chónaí ionainn,
le do chlann féin a dhéanamh dinn,
agus le cumhacht a bhronnadh orainn
an Soiscéal a fhógairt ar fud an domhain;

BEANNACHT

Go dtreoraí Spiorad na fírinne sibh chun iomlán na fírinne,
agus go mbronna sé grásta oraibh
lena admháil gurb é an Tiarna é Íosa Críost,
agus le hoibreacha agus briathra Dé a fhógairt:

DOMHNACH NA TRÍONÓIDE

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Athair, tagann tú chugainn an uair a fhillimid ort.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

A Íosa, fuair tú bás ar an chros ar son ár bpeacaí

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh, tugann tú beatha agus síocháin dúinn.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Síocháin daoibh ó Dhia ár nAthair neamhaí.
Síocháin óna Mhac Íosa Críost arb é ár síocháin-ne é.
Síocháin ón Spiorad Naomh, bronntóir na beatha.
Síocháin ón Dia Trí-aonta go raibh libh go brách.

PREAFÁID

Nocht tú do ghlóir,
i nglóir do Mhic agus an Spioraid Naoimh;
trí phearsa mar a chéile ina maorgacht,
gan deighilt nó dealú eatarthu ina niamhracht,
agus gan iontu ach an t-aon Tiarna agus an t-aon Dia,
atá inadharta agus inghlóirithe go deo;

BEANNACHT

Go neartaí Dia na Tríonóide Naofa sibh
i gcreideamh agus i ngrá,

go gcosnaí sé sibh ar gach taobh
agus go dtreoraí sé sibh i bhfírinne agus i síocháin;

ATHRÚ CLÓ ÁR dTIARNA

A Thiarna, tá do chineáltas gan trá sna flaithis,
agus do dhílseacht chomh hard leis na spéartha

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Amhail na sléibhte láidre d'fhíríantacht
agus an duibheagán mór do cheart.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

Is leatsa atá foinse na beatha;
agus i do sholas-sa a fheicimid an solas.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

KYRIE AN AITHREACHAIS

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Cuir fidh Críost claochlú ar ár gcorp daonna agus beidh sé mar atá a chorp glórmhar féin. Is sinne corp Chríost.
Táimid páirteach ina shíocháin. *Fil 3.21, 1 Cor 11.27, Rómh 5.1*

PREFÁID

Trí Íosa Críost ár dTiarna,
ar Ionraigh a ghlóir dhiaga ar an sliabh naofa
os comhair finnéithe tofa a mhaorgachta;
nuair a ghair do ghuth féin ó neamh é
i do Mhac ionúin féin:

BEANNACHT

Dia na ngrást,
a ghairm sibh chun a ghlóire síoraí in Íosa Críost,
go mbunaí, go neartaí agus go ndaingní sé sibh sa chreideamh;

Is féidir na leaganacha seo a úsáid ar an Domhnach roimh an Charghas má úsáidtear rogha Athrú Cló ár dTiarna

TEACHTAIREACHT AN AINGIL, TOIRBHEART, CUAIRT AGUS BREITH NA MAIGHDINE BEANNAITHE MUIRE

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Thiarna Dia, a Dhia neartmhair,
is tú cruthaitheoir an domhain.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, Mac Dé agus Mac Mhuire
is tú Prionsa na Síochána.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh,
trí do chumhacht rinneadh feoil den Bhriathar.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Óir rugadh leanbh dúinn, tugadh mac dúinn;
agus is é ainm atá air; “Prionsa na Síochána”.

Íse 9:7

PREAFÁID

Togh tú Muire an Mhaighdean Bheannaithe
mar mháthair do Mhic
agus mar sin d’ardaigh tú an dream uiríseal;
bheannaigh d’aingil di le mórghean
agus is in éineacht leis na glúine go léir
a deirimidne gur beannaithe di;

BEANNACHT

Go líona Críost, Mac Dé, a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
go líona sé sibh lena ghrásta
le muinín a bheith agaibh as a ghealltanais
agus le bheith umhal dá thoil:

FÉILTE NA NAOMH

KYRIE AN AITHREACHAIS

A Thiarna, tá tú lán trócaire agus taise

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Tá grá agat do chách
agus tá do thrócaire ar do chruthú uile.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

Beannaíonn do sheirbhísigh dílse d’ainm
agus labhraíonn ar ghlóir do ríochta.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Is comhshaoránaigh sinn leis na naoimh
i dteaghlach ár nDé,
trí Chríost ár dTiarna,
a tháinig is a chraobhscaoil an tsíocháin
dóibh siúd a bhí i gcéin is i gcóngar.

Eif 2.19,17

PREAFÁID

Chuir tú eiseamláir na beatha diaganta romhainn i mbeatha na naomh,
ionas go mbí gairdeas orainn as an chomaoin atá againn leo,
agus go gcuirimid dínn ár gcúrsa go foighneach,
agus chun go mbronntar coróin na glóire orainn ina gcuideachta;

BEANNACHT

Go dtuga Dia grásta daoibh
bheith páirteach in oidhreacht ...
agus na naomh uile i ríocht na glóire;

NAOIMH NA hÉIREANN

Blaisigí is féachaigí a fheabhas atá an Tiarna:
is aobhinn dá dtagann faoina dhídean.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Fuasclaíonn Dia saol a shearbhóntaí
Ní chaillfear aon duine a chuireann a mhuinín ann.

A Chríost, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.

Tagaigí mo pháistí, agus éistigí liom:
Múinfidh mé eagla Dé daoibh.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

KYRIE AN AITHREACHAIS

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Síocháin duit agus síocháin do do theaghlach,
agus síocháin do gach a mbaineann leat.

1 Saim 25.6

PREAFÁID

Chuir tú an soiscéal glórmhar chun na tíre seo
trí sheanmóireacht do sheirbhísigh Pádraig.
Chuir tú fás agus rath agus bláth ar an tSoiscéal [i saol do sheirbhísigh ... agus]
i saol na bhfear agus na mban a bhí líonta de do Spiorad Naomh,
ag neartú d'Eaglaise,
chun go ndéanfaí an dea-scéal a sheoladh amach
a chraobhscaoileadh in áiteanna eile:

BEANNACHT

Go líona Dia lena ghrásta sibh chun lorg na naomh a leanúint go dílis
agus a ghlóir a thabhairt chun torthúlachta,
an Dia sin a thug beannacht a Naomheaglaise don tír seo fadó;

LÁ FHÉILE MICHÍL AGUS NA nAINGEAL UILE

KYRIE AN AITHREACHAIS

Is naofa, naofa, naofa, Dia na Slua;
tá an domhan uilig lán dá ghlóire.

A Thiarna, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Is mairg dom, tá mé cailte,
óir is duine mé a bhfuil a bheola neamhghlan.

A Chríost, déan trócaire.

A Chríost, déan trócaire.

Tá do chiontacht bainte díot
agus do pheaca maite.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna, déan trócaire.

INTREOIR DON tSIOCHÁIN

Éistigí arís le ceol na n-aingeal;
Glóir do Dhia sna harda, agus ar talamh síocháin.

Lúcás 2.14

PREAFÁID

Ní úsáidtear preafáid ar Lá Fhéile Michíl agus na nAingeal uile.

BEANNACHT

Go gcumhdaí Dia na cruinne sibh trína aingil,
agus go ndeonáí sé saorántacht na bhflaitheas daoibh...

C. Foirmeacha Ghuí an Phobail

A hAON

A Thiarna na gcumhachtaí agus a Dhia bhithbheo,
Éist leis na hurnaithe seo a thoirbhrímid le muinín agus le grá:

Ar son na síochána, agus chun go raibh fios do shlánaithe ar fud an domhain...

Ar son na haon Naomheaglaise caitlicí aspalda
agus ar son aontacht phobal Chríost...

Ar son a bhfreastalaíonn agus a dtreoraíonn i d'Eaglais,
ar son easpag, sagart agus deagánach...

Ar son do phobail uile, ag fás i gcreideamh Chríost,
agus á thabhairt ar aghaidh do na glúine atá le teacht...

Ar son a bhfuil cónaí orthu nó obair acu i measc an phobail seo...

Ar son teaghlaigh, agus ar son na ndaoine atá ina gcónaí leo féin...

Ar son a bhfuil breoite i gcorp nó in intinn,
agus ar a son siúd a thugann aire dóibh...

Ar son a bhfuil i gceannas agus go háirithe ar son
[T.É. Elizabeth, ár mBanríon] [P.É. ár nUachtaráin...]

Ar son a bhfuil freagracht an rialtais orthu...

Ar son a n-oibríonn mar mhaithe le síocháin, ceart agus fíréantacht ar fud an domhain...

Faoi lúcháir chumann na naomhaspal is na mairtíreach, is do shearbhóntaí uile a d'fhág an saol seo i
bhfíorchreideamh ionat agus in eagla romhat, cuirimid sinn féin agus a chéile, agus ár mbeatha agus ár saol uile faoi
do choimirce, a Thiarna Dia, trínár Slánaitheoir Íosa Críost. Áiméan.

A DÓ

A Thiarna Dia, a Athair na bhflaitheas,
gheall tú ó bhéal do Mhic Íosa Críost
go n-éistfeá le hurnaithe lucht an chreidimh.

A Thiarna do phobail:
nearthaigh d'Eaglais ar fud an domhain...,
déan saol na deoise seo a athnuachan...,
beannaigh ...
ár n-easpag...,
agus daingnigh sinn i muinín agus i ngrá.

A Thiarna na cruinne:
dearc le fabhar ar an domhan a chruthaigh tú,
treoraigh na náisiúin ar shlite na córa agus na síochána,
agus beannaigh
[T.É. Elizabeth, ár mBanríon]
[P.É. ár nUachtaráin...]
agus iad sin uile atá i gceannas.

A Thiarna ár gcaidrimh:
nearthaigh agus tabhair sólas do na pobail
ina bhfuil muid ag maireachtáil agus ag obair...,
cuidigh linn grá a bheith againn dár gcomharsana mar atá grá againn dúinn féin.

Cuir ar ár gcumas seirbhís a thabhairt dár dteaghlaigh agus dár gcairde,
Agus grá a thabhairt dá chéile mar a thugann tusa grá dúinne.

A Thiarna gach leighis:
Tabhair faoiseamh dóibh sin atá tinn nó ag fulaingt, agus cosain iad,
bí leo sin a bhfuil díth ar leith orthu...,
agus saor iad sin atá faoi fhoréigean, ansmacht, nó i gcontúirt.

A Thiarna na síoraíochta:
ceangail le chéile sinn trí do Spiorad Naomh,
i gcomaoin le ... [agus] gach duine a fuair bás faoi shíocháin Chríost
ag admháil an Chreidimh,
go gcuirimis sinn féin, agus a chéile agus ár saol uile i do mhuinín,
a Thiarna Dia,
ionas go dtagaimis le do naoimh uile go lúcháir do ríochta síoraí. Áiméan.

A TRÍ

A Athair, guímis ar son do Naomheaglaise caitlicí:
ionas go mba haon sinn.

Deonaigh go bhfreastalaí gach ball de d'Eaglais ort go fíor agus go huiríseal:
ionas go raibh d'ainm á ghlóiriú ag cách.

Guímis ar son na n-easpag, na sagart agus na ndeagánach uile:
ionas go raibh siad ina ministrí dílse ag do bhriathair is ag do shacraimintí.

Guímis ar son a rialaíonn agus atá i gceannas ar náisiúin an domhain
ionas go raibh ceart agus síocháin ar talamh.

Tabhair dúinn do ghrásta chun do thoil a chomhlíonadh i ngach rud dá ndéanaimid:
ionas go bhfógraítear do ghlóir trínár saol.

Bíodh trua agat dóibh sin a bhfuil brón nó trioblóid orthu
ionas go bhfuasclaítear iad óna n-anás.

Molaimid thú ar son do naomh atá tar éis a lúcháir shíoraí a bhaint amach
go dtaga muidne fosta chun lánpháirteachta in iomláine do ríochta.

Guímis fá choinne ár riachtanas féin agus fá choinne riachtanas daoine eile:
Tost. Féadann an pobal a n-achainí féin a chur leis seo.

A Dhia na ngrást, deonaigh go raibh mianta chroí do phobail ag teacht le do thoil féin, trí idirghuí Chríost ár dTiarna,
Áiméan.

D. Nuair nach leor na hEilimintí Coisricthe

Mura leor na heilimintí coisricthe, ceann amháin acu nó iad araon, cuireann an ministir ceannais a thuilleadh ar fáil, go tostach, nó ag rá na bhfocal seo aleanas:

A Athair,
tar éis buíochas a ghabháil os cionn an aráin
agus os cionn na cailíse
de réir mar a bhunaigh do Mhac Íosa Críost, a dúirt,
Glacaigí, ithigí, seo é mo chorp.

agus/nó

Ólaigí í seo, seo m'fhuil.

Guímid gurb ionann dúinne an t-arán/fíon is a chorp/fhuil le glacadh i ndílchuimhne air.